Commission on Taxation & Welfare

An Coimisiún um Chánachas agus Leas

D'Fhís, Ár dTodhchaí

Comhairliúchán Poiblí an Choimisiúin um Chánachas agus Leas

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Brollach ón gCathaoirleach

Tá an-áthas orm an doiciméad seo a chur i láthair a bhfuil sé mar aidhm leis tacú leis an gcomhairliúchán poiblí d'obair an Choimisiúin um Chánachas agus Leas. Bunaíodh an Coimisiún neamhspleách um Chánachas agus Leas ag pointe cinniúnach i stair na hÉireann le déanaí. Tá an náisiún ag teacht chun cinn as géarchéim Covid agus ag tabhairt dúshláin mhóra faoi thionchar tríocha bliain de shuaitheadh eacnamaíoch agus de chlaochlú eacnamaíoch.

Ó thaobh an gheilleagair de, claochlaíodh Éire le tríocha bliain anuas. Sna tríocha bliain ó 1989, nuair a tháinig deireadh leis an ord domhanda tar éis an chogaidh, go dtí 2019, an oíche roimh Brexit agus an phaindéim dhomhanda, ba shuntasach cé chomh sciobtha a d'fhás geilleagar na hÉireann agus a tháinig athruithe struchtúrtha air.

Shocraigh an Rialtas téarmaí tagartha an Choimisiúin seo níos luaithe i mbliana agus iarrann sé ar an gCoimisiún "athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr is féidir leis an gcóras cánachais agus leasa tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus athdháileadh ioncaim, agus fostaíocht agus rathúnas méadaithe á gcur chun cinn ag an am céanna ar bhealach athléimneach, cuimsitheach agus inbhuanaithe agus a chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun íoc as costais na seirbhísí poiblí agus na dtacaíochtaí sa mheántéarma agus san fhadtéarma."

Chun an dúshlán suntasach sin a chomhlíonadh, tuigeann an Coimisiún go bhfuil gá le peirspictíocht, dúshlán fiúntach agus saineolas seachtrach. D'aontaigh an Coimisiún d'aon ghuth go raibh gá le cleachtaí doimhne comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirteachais le páirtithe leasmhara chun dearcthaí leathana a fháil maidir leis an gcaoi ar cheart córais chánach agus leasa na hÉireann a struchtúrú chun seasamh níos fearr a thabhairt don tír freagairt d'fhorbairtí sna blianta amach romhainn agus chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh a bhraitear sna córais agus iad ag feidhmiú inniu. Dá réir sin, cuirim *D'Fhís, Ár dTodhchaí* do láthair agus iarraim ort dul chuig cotw.citizenspace.com chun do thuairimí a chur in iúl. Beidh na freagraí sin ríthábhachtach chun cabhrú leis an gCoimisiún ina chuid oibre tábhachtaí sna míonna amach romhainn.

An tOllamh Niamh Moloney

Cathaoirleach an Choimisiúin
um Chánachas agus Leas

Téarmaí Tagartha don Choimisiún um Chánachas agus Leas

Mar atá leagtha amach i gClár an Rialtais, tá an Coimisiún Cánachais agus Leasa á bhunú chun machnamh neamhspleách a dhéanamh ar an mbealach is fearr is féidir leis na córais chánachais agus leasa tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht agus rathúnas méadaithe a chur chun cinn, agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun íoc as costais na seirbhísí poiblí agus na dtacaíochtaí sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Tabharfaidh obair an Choimisiúin aird ar phrionsabail an bheartais chánachais agus leasa atá leagtha amach i gClár an Rialtais, lena n-áirítear tiomantas an Rialtais do chreat beartais atá ar son na fiontraíochta agus do thimpeallacht rialála agus chánach atá cobhsaí agus inbhuanaithe a sholáthar. Cuirfear san áireamh ann freisin saincheisteanna ábhartha amhail tionchar Éigeandáil COVID-19, déimeagrafaic atá ag dul in aois, cur isteach digiteach agus uathoibriú agus gealltanais straitéiseacha fhadtéarmacha an Rialtais maidir le sláinte, tithíocht agus aeráid.

Chuige sin, iarrtar ar an gCoimisiún:

- athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr is féidir leis an gcóras cánachais agus leasa tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus athdháileadh ioncaim, agus fostaíocht agus rathúnas méadaithe á gcur chun cinn ag an am céanna ar bhealach athléimneach cuimsitheach agus inbhuanaithe agus a chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun íoc as costais na seirbhísí agus na dtacaíochtaí poiblí sa mheántéarma agus san fhadtéarma.
- scrúdú a dhéanamh ar na hathruithe, más ann dóibh, ar an gcóras árachais shóisialta, lena n-áirítear cumhdach struchtúir agus sochar, agus inbhuanaitheacht á háirithiú ag an am céanna. Áireofar leis seo breithniú arthuarascáil NESC uimh. 151 (Samhain 2020) ar thodhchaí chóras leasa shóisialaigh na hÉireann agus aschur ó Choimisiún Pinseanan Choimisiúin Pinsean maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta agus incháilitheachta maidir le socruithe Pinsean Stáit. Áireofar leis freisin scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir le beartas leasa oibriú i gcomhar leis an gcóras cánachais chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch, agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh ag tacú leo siúd is leochailí inár sochaí ar bhealach cóir agus cothrom, ag féachaint go háirithe don taithí a fuarthas le linn Éigeandáil COVID-19.
- scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir an córas cánachais a úsáid chun cabhrú le hÉirinn bogadh chuig geilleagar ísealcharbóin mar chuid den phróiseas chun a gealltanais maidir leis an athrú aeráide a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa Bhille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. Áireofar leis sin inbhuanaitheacht an ioncaim ó cháin chomhshaoil a eascraíonn as dícharbónú an gheilleagair a áirithiú.
- breithniú a dhéanamh ar an ról cuí don chóras cánachais agus leasa, chun scrúdú a dhéanamh ar fhiúntas Cáin ar luach an talún, chun cuspóirí beartais tithíochta a bhaint amach. Ba cheart go n-áireofaí sa bhreithniú sin athbhreithniú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht róil den sórt sin. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar an taithí a fuarthas ó idirghabhálacha roimhe seo sa mhargadh tithíochta agus tógála agus ar na tacaíochtaí suntasacha Stáit reatha do sholáthar tithíochta.
- machnamh a dhéanamh ar conas is féidir le hÉirinn beartas cánachais atá soiléir, inbhuanaithe agus cobhsaí a choinneáil maidir le tarraingteacht na hÉireann d'Infheistíocht Dhíreach Choigríche i dtimpeallacht chánachais dhomhanda atá ag athrú, lena n-áirítear an ráta cánach corparáide 12.5% a choinneáil.
- athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr is féidir leis an timpeallacht chánachais do FBManna agus d'fhiontraithe a chinntiú go bhfuil Éire fós ina háit tharraingteach chun gnó atá ann cheana a chothú agus a fhás nó chun gnó nua a thosú agus a mhéadú.
- athbhreithniú a dhéanamh ar inoiriúnaitheacht na gcóras cánachais agus leasa go dtí an méadú ar chur isteach digiteach agus uathoibriú agus athruithe teicneolaíochta eile.
- scrúdú a dhéanamh ar an bpróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta agus caiteachas cánachais chun a chinntiú go bhfuil sé ailínithe leis an dea-chleachtas agus, nuair is cuí, moltaí a dhéanamh maidir le conas is féidir é a fheabhsú.
- scrúdú a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach agus a chuirtear dea-shláinte phoiblí chun cinn in Éirinn, agus athchóirithe ábhartha a chur i láthair chun an sprioc sin a chur chun cinn agus a dhreasú
- breithniú a dhéanamh ar chleachtais chánachais i ngeilleagair oscailte eile den mhéid cineál céanna san ECFE chun a fháil amach cad iad na ceachtanna is féidir le hÉirinn a fhoghlaim ó thíortha den sórt sin. Áireofar leis sin breithniú ar an gcaoi ar cheart an córas riaracháin cánach a nuachóiriú, ag tógáil ar thuairisciú párolla fíor-ama a bhí mar bhonn agus mar thaca ag nuachóiriú reatha an chórais ÍMAT, agus a chinntiú go gcomhlíonann an córas riaracháin cánach na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr. Áireofar leis sin freisin breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go bhfeabhsófar simplíocht agus éifeachtúlacht riaracháin ó na córais chánachais agus leasa a chomhtháthú, chomh maith le roghanna le haghaidh athchóirithe ar an gcothromaíocht idir cánachas ar ioncam tuillte, tomhaltas agus saibhreas
- tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais tráth nach déanaí ná an 1 Iúil 2022.

Réamhrá

Ní fhéadfadh stáit nua-aimseartha a bheith ann gan córais chánach a ardaíonn ioncam chun íoc as seirbhísí poiblí. Is í an Roinn Airgeadais a fhorbraíonn an Beartas Cánach agus cuireann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i bhfeidhm é. Is iad fáltais ó cháin an sruth ioncaim is tábhachtaí don Stát. Glacann formhór na Stát níos mó ná 30% den ioncam náisiúnta i gcáin. Mar sciar den ioncam náisiúnta, tá ualach cánach na hÉireann gar do mheán an AE-28 de 40% ag 37.9%, agus úsáid á baint as an Ollioncam Náisiúnta (OIN*) modhnaithe mar thagarmharc.

In 2019, b'ionann méid iomlán na gcánacha agus na muirear a bailíodh in Éirinn agus thart ar €73.4 billiún agus tá miondealú air sin leagtha amach sa tábla thíos.

Íocann amach an Roinn Coimirce Sóisialaí méid suntasach den árachas sóisialach cánach agus pá-choibhneasa (ÁSPC), a bhfuil sé mar mhisean aici rannpháirtíocht ghníomhach agus ionchuimsiú sa tsochaí a chur chun cinn trí thacaíochtaí ioncaim, seirbhísí rannpháirtíochta sa mhargadh saothair agus seirbhísí eile a sholáthar. Ar dtús, léirítear i bhFigiúr 1 agus 2 thíos caiteachas iomlán an Rialtais de €77.5 billiún in 2019 miondealaithe de réir réimsí earnála agus, ina theannta sin, tuilleadh sonraí ar chaiteachas leasa shóisialaigh arb é an cion is mó den iomlán sin é ag €20.89 billiún.

Tábla 1:

Cáin/muirear	Foinse maoinithe	Méid bailithe (€bn)	Céatadán den iomlán
Cáin ioncaim (MSU san áireamh)	An Státchiste	22.9	31.2%
Díobh seo a leanas: ÍMAT		15.8	
Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU)		3.8	
Ioncam féinmheasúnaithe		1.9	
Cáin Bhreisluacha	An Státchiste	15.1	20.6%
ÁSPC	An Ciste Árachais Shóisialaigh	12.2	16.7%
Díobh seo a leanas: Ranníocaíochtaí an Fhostóra		7.9	
Ranníocaíochtaí an Fhostaí		3.0	
Ranníocaíochtaí féinfhostaithe		0.6	
Cáin Chorparáide	An Státchiste	10.9	14.8%
Dleacht Mháil	An Státchiste	5.9	8.1%
Díobh seo a leanas: Breosla		2.6	
Alcól		1.2	
Tobac		1.1	
Stampaí	An Státchiste	1.5	2.1%
Rátaí Tráchtála	Údarás Áitiúil	1.4	1.9%
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	An Státchiste	1.1	1.5%
Dleachtanna ar Mhótarfheithiclí	An Státchiste	1.0	1.3%
Cáin Fáltas Caipitiúil	An Státchiste	0.5	0.7%
Cáin Mhaoine Áitiúil	Údarás Áitiúil	0.5	0.6%
Custaim	An Státchiste	0.3	0.5%
Ioncam Iomlán		**73.4**	**100.0%**

Figiúr 1: Miondealú ar Chaiteachas Iomlán 2019 (€77.5bn)



Foinse: whereyourmoneygoes.gov.ie

Figiúr 2: Caiteachas ar Choimirce Shóisialach



Foinse: whereyourmoneygoes.gov.ie

I dteannta a chéile, tá ról ríthábhachtach ag na córais chánachais agus leasa maidir le caillteanas tobann ioncaim a mhaolú, tacú le teaghlaigh a bhfuil leanaí acu agus fostaíocht a spreagadh do dhaoine i ngach cás. Gan córais chánachais agus leasa atá dea-dheartha, ciallmhar agus simplí, ní bheimid in ann margadh fostaíochta dea-fheidhmiúil a bhaint amach leis na torthaí is fearr.

Is cuid de na hidirghníomhaíochtaí is suntasaí agus is rialta idir daoine aonair agus an Stát iad na córais chánach agus leasa agus sainmhíníonn siad, den chuid is mó, nádúr an chaidrimh idir an Stát agus an duine aonair. Dá réir sin tá na córais chánach agus leasa ag croílár an chaidrimh idir an Stát agus an duine aonair. Tá siad mar chuid den chonradh sóisialta níos leithne, ach ní hiad an t-iomlán iad – an tacar de chearta agus d'oibleagáidí frithpháirteacha a bhaineann le maireachtáil in Éirinn.

D'fhonn soláthar bonneagair agus seirbhísí criticiúla a choinneáil uaidh seo amach, tá sé riachtanach go ndéanfar an costas a bhaineann le soláthar seirbhísí poiblí a mheaitseáil le leibhéal inbhuanaithe ioncaim chánach san fhadtéarma. Ina theannta sin, d'fhéadfadh turraingí ar an mbonn cánach a d'fhéadfadh a bheith ann tionchar a imirt ar shruthanna ioncaim sa todhchaí freisin. Agus an Cháin Chorparáide anois ina ceathrú sruth ioncaim cánach is mó sa Stát (taobh thiar de Cháin Ioncaim, CBL agus ÁSPC), tá aird tarraingthe ag an Roinn Airgeadais ar an gcaoi a bhféadfadh laghduithe tobanna ar fháltais tionchar buan a imirt ar airgeadas poiblí amach anseo. Cé go bhfuil sé d'acmhainn ag Éirinn an tionchar fioscach a bhaineann le Covid-19 a shárú, caithfear an t-ualach fiachais ardaithe a bhainistiú sna blianta amach romhainn. Tá Éire i measc na dtíortha a bhfuil an cóimheas fiachais per capita is airde ar domhan acu agus tá go leor dúshlán os a comhair, i measc nithe eile, daonra atá ag dul in aois agus na haistrithe carbóin agus digiteacha.

Dúshláin faoi Láthair

Táimid ag teacht amach as paindéim nach bhfacthas a leithéid i gcuimhne na ndaoine. Mar sin féin, seachas na córais chánachais agus leasa a mheas ó thaobh éigeandála de, tá sé ríthábhachtach don phróiseas seo go nglacfaimid dearcadh fadtéarmach straitéiseach i leith an chreata cánachais agus leasa is gá d'Éirinn agus muid ag teacht amach as Covid, ach saincheisteanna amhail daonra atá ag dul in aois a chur san áireamh, chomh maith leis an gcur isteach agus uathoibriú digiteach agus gealltanais straitéiseacha fhadtéarmacha an Rialtais maidir le sláinte, tithíochta, agus aeráide.

Tá an comharsa is gaire dúinn, an Ríocht Aontaithe, tar éis a gcaidreamh leis an AE a athrú go suntasach agus dá réir sin linn féin. I gcomhpháirt le náisiúin ar fud an domhain, táimid i mbun éigeandáil aeráide freisin. Sa bhaile, leanaimid orainn ag dul i ngleic leis na dhúshláin dhúbailte a bhaineann le tithíocht agus easpa dídine. Deich mbliana ó shin, chreid ceannairí gnó agus rialtais nárbh fhada go mbeadh comhlachtaí domhanda i gceannas ar an ngeilleagar domhanda. Ba é an freagra a bhí ag rialtais áirithe air sin ná brúnna cosantacha nua a thabhairt isteach. Ag an am céanna, tá an t-éileamh ar athrú ar an gcaoi a ngearrtar cáin ar chorparáidí ilnáisiúnta ag fás. Tá ár ndaonra ag dul in aois go tapa agus tá tionchar aige sin ar phinsin seanaoise agus ar chostas cúraim sláinte. Dhírigh an phaindéim ar na dúshláin atá ann cheana laistigh dár gcóras cúraim sláinte. Beidh dúshláin ann freisin, fiú tar éis na paindéime - tionchar ar chúrsaí sláinte agus eacnamaíocha a d'fhéadfadh leanúint ar aghaidh. Mar gheall ar luas an-sciobtha an athraithe teicneolaíochta le 30 bliain anuas, is dócha nach fada uainn tuilleadh athruithe gan fasach sa réimse seo - ní hamháin deiseanna nua fostaíochta agus digitiú rólanna i roinnt earnálacha, ach athruithe suntasacha ar an gcaoi a gcruthaímid naisc lena chéile, conas a dhéanaimid taisteal, an éifeachtúlacht lena ndéanaimid poist áirithe agus uathoibriú post eile. Ar deireadh, tá na rudaí ann nach fios; na rioscaí agus na héiginnteachtaí. Chun Éire a neartú i gcoinne na ndúshlán casta sin, ní mór ár Stát a mhaoiniú go maith le córais chánachais agus leasa atá tomhaiste sofhreagrúil.

Struchtúr an Chomhairliúcháin Phoiblí

Fiú roimh an bpaindéim, bhíomar ag maireachtáil i sochaí atá ag éirí níos digití. Chuir teacht Covid-19 béim air sin. Dá bhrí sin, déantar an comhairliúchán poiblí a óstáil ar líne ag https://cotw.citizenspace.com/ ag baint úsáide as teicneolaíocht atá éasca le húsáid agus iomasach. Tá ceisteanna sonracha ann bunaithe ar Théarmaí Tagartha an Choimisiúin.

Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ionadaithe ó ghrúpaí pobail, deonacha agus comhshaoil chomh maith le gnó, ceardchumainn, institiúidí taighde agus an pobal acadúil tríd an *Idirphlé atá beartaithe maidir le Todhchaí na Cánach agus an Leasa in Éirinn.* Táthar ag súil go mbeidh an ócáid seo ar siúl go luath in 2022 agus fógrófar in am trátha do pháirtithe leasmhara go mbeidh deis acu páirt a ghlacadh ann. Déan seiceáil ar www.gov.ie/cotw le haghaidh mionsonraí.

Caibidil 1

Ceisteanna Ginearálta

Is é misean an Choimisiúin um Chánachas agus Leas:

"breithniú neamhspleách a dhéanamh ar an mbealach is fearr is féidir leis an gcóras cánachais agus leasa tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch, agus fostaíocht agus rathúnas méadaithe á gcur chun cinn ag an am céanna a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun íoc as costais na seirbhísí poiblí agus na dtacaíochtaí sa mheántéarma agus san fhadtéarma."

Caibidil 2

Inbhuanaitheacht Fhioscach

Baineann Inbhuanaitheacht Fhioscach le cumas rialtais airgeadas poiblí a choinneáil ar staid inchreidte agus infheidhme san fhadtéarma. Is í príomhfheidhm an chórais cánach ná caiteachas rialtais a mhaoiniú, ag leibhéal a chinnfidh an córas daonlathach.

Tá athrú ó bhonn tagtha ar gheilleagar na hÉireann le tríocha bliain anuas, ach tá luaineacht shuntasach agus dhá ghéarchéim dhomhain ann freisin. Cé go dtiocfaidh feabhas ar an staid fhioscach de réir mar a thiocfaidh maolú ar phaindéim Covid-19, beidh easnamh 1.3 faoin gcéad de OIN* (nó €3.5 billiún) fós ag Éirinn in 2025 de réir Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann, mar gheall go príomha ar infheistíocht mhéadaithe i mbonneagar criticiúil. Beidh dúshláin struchtúracha roimh an airgeadas poiblí sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Díobh seo, is iad na costais a bhaineann le hathrú déimeagrafach an ceann is cinnte, agus cuireann daonra atá ag dul in aois brú ar chostais phinsin agus sláinte. Mar sin féin, ní mór costais a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an aistriú digiteach a chistiú freisin.

Cé go bhfuil sé d'acmhainn ag Éirinn faoi láthair an fiachas méadaithe gearrthéarmach agus meántéarmach a bhaineann le Paindéim Covid-19 a shárú, tá rioscaí eile ag teacht aníos freisin mar a leagtar amach thuas. De réir mar a théann fiachas poiblí na hÉireann i dtreo €280 billiún faoi 2025 (meastacháin oifigiúla) agus ós rud é go bhfuil an fiachas per capita in Éirinn ar na cinn is airde sa domhan forbartha, ní mór iarrachtaí a dhéanamh anois chun ioncam leordhóthanach cobhsaí a chinntiú chun soláthar a dhéanamh do sheirbhísí poiblí amach anseo agus fiachas a chur ag laghdú.

Chun a áirithiú go gcumhdaítear sa chomhairliúchán poiblí gach gné den chairt mar atá leagtha amach di, tá na Téarmaí Tagartha deighilte ag Comhaltaí an Choimisiúin i dtéamaí sonracha mar seo a leanas;

Caibidil 3

Fostaíocht a Éascú

Tá sé mar aidhm ag an Rialtas acmhainní a dhíriú ar mhaithe lenár ndaoine chun bochtaineacht agus díothacht a laghdú agus ionchuimsiú gníomhach a chur chun cinn trí chabhrú le daoine teacht ar phost agus é a choinneáil. Ina dhiaidh sin rannchuidíonn oibrithe agus fostóirí trí cháin a íoc, lena n-áirítear ÁSPC, a úsáidtear chun sochair a mhaoiniú srl.

Is éard atá i gceist le fostaíocht a mhéadú ná tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch fostóirí chun cruthú post a éascú agus chun pá agus coinníollacha ardchaighdeáin a sholáthar d'oibrithe. Is éard atá i gceist leis cabhrú le daoine atá dífhostaithe obair a fháil nó éascaíocht a dhéanamh dóibh siúd atá lasmuigh den lucht saothair dul isteach ann.

Cuireadh de chúram ar an gCoimisiún um Chánachas agus Leas breithniú a dhéanamh ar na hathruithe, más ann dóibh, ba cheart a dhéanamh ar an gcóras árachais shóisialta, lena n-áirítear conas is féidir le beartas leasa oibriú i gcomhar leis an gcóras cánachais chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht a spreagadh agus tacú leis na daoine is leochailí a staid sa tsochaí ag an am céanna.

Caibidil 4

Aeráid

Tá tionchar éagsúil agus leathan ag cur isteach ar an aeráid cheana féin ar chomhshaol, ar shochaí, ar acmhainní eacnamaíocha agus nádúrtha na hÉireann. Is é an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide treochlár na hÉireann chun a bheith ina geilleagar neodrach ó thaobh aeráide de agus ina sochaí acmhainneach faoi 2050. Ciallaíonn sé seo go laghdaítear go mór méid na ngás ceaptha teasa a scaoiltear isteach san atmaisféar agus go bhfuil sé cothromaithe ag an méid a bhaineann ár dtalamh, ár bhforaoiseacht nó ár dteicneolaíocht. Trí bheith inár sochaí atá acmhainneach ó thaobh na haeráide de, cuideofar linn déileáil leis an tionchar a bhíonn ag aeráid atá ag athrú. Tá Éire tiomanta don todhchaí seo a bhaint amach trí aistriú cóir, rud a chiallaíonn go n-éistfear le gach guth ar bhealach cóir agus cothrom, agus go gciallódh deiseanna nua nach bhfágfar aon duine ar lár.

Tá an Rialtas i mbun Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021 a thabhairt chun críche. Ag an am céanna, iarradh ar an gCoimisiún um Chánachas agus Leas scrúdú a dhéanamh ar ról an chórais chánachais maidir le tacú leis an aistriú glas. Chomh maith le hidirghabhálacha díreacha, meastar gur uirlis thábhachtach í an cháin chun spriocanna comhshaoil a ghlacadh. Chomh maith le foinse ioncaim a sholáthar, féadtar cánacha a thobhach ar bhealach a spreagann athrú iompraíochta.

Caibidil 5

Tithíocht

Tá an soláthar tithíochta in Éirinn tite ó mheán bliantúil de 60,200 teach sna 2000idí go 11,500 ar an meán sna 2010idí, ag ardú go 20,676 in 2020. Mar atá leagtha amach i dTithíocht do Chách, is í fís an rialtais don chóras tithíochta san fhadtéarma ná soláthar seasta tithíochta a bhaint amach sna háiteanna cearta le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil a tógadh isteach sa chóras.

Is príomhdhúshlán i margadh tithíochta na hÉireann í inacmhainneacht tithíochta. Ó 2013 i leith, tá méadú 91% agus 61% tagtha ar phraghsanna ainmniúla tithe agus ar mheánchíosanna faoi seach, agus níor tháinig ach méadú 16% ar mheántuilleamh seachtainiúil ainmniúil.

Tá réimse leathan beart cánachais maidir le tithíocht fairsing. Gearrtar cáin ar go leor gnéithe den mhargadh tithíochta, lena n-áirítear cánacha rachmais amhail an cháin mhaoine áitiúil (CMÁ) ar úinéireacht tí agus cánacha idirbheartaíochta amhail cáin ghnóthachan caipitiúil, dleacht stampála, cáin fáltas caipitiúil agus cáin bhreisluacha ar aistriú maoine, lena n-áirítear réadmhaoin chónaithe. Tá ioncam a fhaightear ó réadmhaoin a ligean ar cíos faoi dhliteanas cánach ioncaim nó cáin corparáide. Tá roinnt faoiseamh cánach agus díolúintí ann chun an muirear cánach ar thithíocht a laghdú i gcásanna áirithe.

I measc na bhforbairtí suntasacha cánach a rinneadh le déanaí tá leasuithe ar an CMÁ agus an gealltanas i dTithíocht do Chách cáin nua a thabhairt isteach chun talamh folamh a ghníomhachtú chun críocha cónaithe.

Iarradh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an ról ba cheart a bheith ag an gcánachas, más ann dó, maidir le cur le cuspóirí beartais tithíochta in Éirinn.

Caibidil 6

Tacú le Gníomhaíocht Eacnamaíoch

Bhí tionchar nach bhfacthas riamh cheana ag paindéim Covid-19 ar an ngeilleagar, rud a chuaigh i bhfeidhm ar fhostaíocht agus ar ghnólachtaí i raon leathan earnálacha. Tá téarnamh eacnamaíoch cothrom ó phaindéim Covid-19 tábhachtach do ghnólachtaí agus do dhaoine in aois oibre araon.

Is ionann FBManna agus 99.8% d'fhiontair uile na hÉireann agus tá siad freagrach as breis agus dhá thrian d'fhórsa saothair na hÉireann a fhostú ar fud earnálacha éagsúla.

Tá an méid a chuireann Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) le geilleagar na hÉireann forleathan agus meastar gurb ionanncuideachtaí ilnáisiúnta eachtracha agus 32% den fhostaíocht in 2020.. Cuireann sé ioncam suntasach cánachais leis an Státchiste freisin, arb ionann é agus 44% d'fháltais chánach fostaíochta ó chuideachtaí ilnáisiúnta eachtracha in 2019 agus 19% d'fháltais CC don bhliain chéanna, gineann sé gníomhaíocht tráchtála eile ar fud an gheilleagair agus cabhraíonn sé le hinfheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht a spreagadh.

Tá scrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an mbealach is fearr chun Infheistíocht Dhíreach Choigríche a mhealladh go hÉirinn i dtimpeallacht chánachais dhomhanda atá ag athrú chomh maith leis an mbealach is fearr chun tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus le fiontraithe gnó a thosú, a scála nó a fhás agus athruithe atá ag teacht chun cinn in iompar sóisialta, samhlacha gnó agus tiománaithe luacha a chomhlíonadh.

Caibidil 7

Athbhreithniú ar Chaiteachas Cánach

Is éard is caiteachas cánach ann ná beart nach cuid de struchtúr riachtanach an chórais cánach é ach a tugadh isteach chun cuspóirí eacnamaíocha nó sóisialta áirithe a bhaint amach. Faoi láthair déantar athbhreithniú ar bhearta cánachais agus ar chaiteachas cánachais de réir na treorach mar atá leagtha amach i dTreoirlínte na Roinne Airgeadais 2014 maidir le Meastóireacht ar Chaiteachas Cánachais.

Éilíonn dea-chleachtas idirnáisiúnta gur cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chaiteachas cánach, agus gur cheart sonraí tráthúla agus cruinne a bheith ar fáil maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht agus costas beart aonair. Dá réir sin, tá an Coimisiún ag smaoineamh ar cibé an bhfuil an próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas cánach atá i bhfeidhm faoi láthair in Éirinn chun a chinntiú go bhfuil sé ailínithe leis an dea-chleachtas agus, nuair is cuí, moltaí a dhéanamh maidir le conas is féidir é a fheabhsú.

Caibidil 8

Sláinte Phoiblí

Is í an tsláinte phoiblí an eolaíocht a bhaineann le sláinte daoine agus a bpobal a chosaint agus a fheabhsú. Is Éire shláintiúil í Éire shláintiúil ina mbíonn dea-shláinte agus folláine ag gach duine, ina gcónaíonn siad a saol go hiomlán agus ina bhfuil meas agus tacaíocht ag baint leis an bhfolláine ag gach aois agus leibhéal den tsochaí.

Tá na himpleachtaí sláinte poiblí a bhaineann le murtall ag dul i méid in Éirinn agus tá rátaí murtaill agus iad siúd atá róthrom mar chion den daonra ag méadú. Tá murtall ag ardú ag cur méaduithe ar shaincheisteanna sláinte ar nós ailse, ardbhrú fola agus diaibéiteas. Is ábhar imní freisin saincheisteanna eile lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, úsáid alcóil, úsáid tobac agus impleachtaí na bochtaineachta agus an athraithe aeráide.

Cuireadh de chúram ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach agus a chuirtear chun cinn na córais chánachais agus leasa dea-shláinte phoiblí agus breithniú a dhéanamh ar athchóirithe ábhartha chun an sprioc sin a chur chun cinn agus a dhreasú.

Caibidil 9

Riarachán

Tá daoine ag súil níos mó le comhtháthú gan fadhbanna na teicneolaíochta lena ngníomhaíochtaí laethúla, mar go bhfuil níos mó earraí agus seirbhísí simplí a rochtain. Ar an gcaoi chéanna, tá daoine ag súil gur cheart do sheirbhísí poiblí teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid chun costais a laghdú, éifeachtúlachtaí a chruthú agus cáilíocht na seirbhísí a fheabhsú.

Ní mór do na córais chánach agus leasa, agus a gcórais riaracháin tacaíochta, coinneáil suas agus oiriúnú go leanúnach do na forbairtí sin. Tá deis againn anois leanúint de gnéithe de na córais chánach agus leasa a athshamhlú agus conas is féidir an digitiú a ghiaráil sa spás seo chun próisis a shruthlíniú agus éifeachtúlachtaí a ghiniúint.

Ar an gcúis sin, tá scrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún i dtaobh an féidir an córas riaracháin cánachais a nuachóiriú tuilleadh chun leas a bhaint as dul chun cinn teicneolaíoch a rinneadh le déanaí agus cad iad na feabhsuithe a d'fhéadfaí a bhaint amach don chustaiméir tríd an gcóras riaracháin cánachais a chomhtháthú leis an gcóras leasa.

Caibidil 10

Tabhair dúinn do chuid smaointe

Tugann Caibidil 10 an deis do fhreagróirí cuir isteach aon smaointe nó aiseolas eile ar cánachas agus leas in Éirinn lena mbreithniú ag an Coimisiún.

Conclúid

Is tréimhse dhúshlánach í seo d'Éirinn. Tá sé tábhachtach, áfach, gan ídiú láithreach agus práinneach ach dearcadh straitéiseach, fadtéarmach a ghlacadh ar ár riachtanais chomhroinnte sa todhchaí. Tá do thuairim ríthábhachtach dár gcuid oibre. Cuir do ghuth in iúl: https://cotw.citizenspace.com/

Comhaltaí an Choimisiúin um Chánachas agus Leas

- Cathaoirleach an Choimisiúin, an tOllamh Niamh Moloney, Ceann na Roinne Dlí i Scoil Eacnamaíochta agus Eolaíochta Polaitiúla Londain
- Marie Bradley, Stiúrthóir Bainistíochta, Bradley Tax Consulting
- Philip Brennan, iar-Rúnaí Cúnta, na Coimisinéirí Ioncaim
- Sandra Clarke, iar-Uachtarán Institiúid Cánach na hÉireann, Comhpháirtí i gCuntasóirí BCC
- Rowena Dwyer, Bainisteoir Caidrimh Beartais, Pleanála agus Rialtais le Fiontraíocht Éireann
- Dr William Hynes, Ceann an Chur Chuige Nua i leith Dúshláin Eacnamaíocha (NAEC) OECD
- Philip Kermode, iar-Stiúrthóir, an Coimisiún Eorpach
- Dr. Aoife Ní Lochlainn, Líonra Comhshaoil na hÉireann
- Rena Maycock, POF agus Bunaitheoir Cilter Technologies
- John-Mark McCafferty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Threshold
- Dr. Tom McDonnell, Institiúid Taighde Eacnamaíochta Nevin agus Ainmní ICTU
- Fergal O'Brien, Stiúrthóir, IBEC
- Dr. Barra Roantree, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
- Anne Vaughan, iar-Leas-Rúnaí, An Roinn Coimirce Sóisialaí

cotw.citizenspace.com

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland